



TUAIRISC BHLIANTÚIL | 2012 | ANNUAL REPORT

Institiúid Ard-Léinn
Bhaile Átha Cliath

Dublin Institute for
Advanced Studies




Contents

| | |
|-------------------------------|----|
| Chairman's Statement | 2 |
| School of Celtic Studies | 6 |
| School of Cosmic Physics | 20 |
| School of Theoretical Physics | 38 |
| Administration and Finance | 44 |
| Staff | 46 |
| Financial Statements | 50 |

Clár Ábhair

| | |
|-----------------------------|----|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 3 |
| Scoil an Léinn Cheiltigh | 7 |
| Scoil na Fisice Cosmaí | 21 |
| Scoil na Fisice Teoiriciúla | 39 |
| Riarachán agus Airgeadas | 45 |
| An Fhoireann | 46 |
| Ráitis Airgeadais | 70 |



Chairman's Statement

The Dublin Institute for Advanced Studies (DIAS) is dedicated to the pursuit of advanced fundamental research in physics and Celtic studies. The focus of its work is on the creation of new knowledge, advanced training and the dissemination of this knowledge for the benefit of the wider academic community. DIAS makes a significant contribution to the development of the specialised areas of research which are the subject of study in its three constituent schools. This summary report gives a general account, for each School, of the main research developments that took place during 2012. More detailed information on the research activities of the Schools can be found in their respective annual Research Reports.

DIAS published a new Strategy Statement during the year which sets out key institutional priorities as well as an exciting programme of research activities for each of the three Schools for the period 2012-2016. It was opportune that the new Strategy Statement was being developed at a time when discussion was taking place at the national level about the reconfiguration of the higher education system. Participation in the process of strategic dialogue about a new higher education landscape helped to identify the key priorities for DIAS in restructuring and reorienting itself to maximise its contribution to the national research system. The main focus for DIAS is to continue to be a key force for excellence in fundamental research nationally and internationally. DIAS is already well connected at the international level but needs to strengthen links at the national level with the development of new models of collaborative research. DIAS has already signed co-operative



agreements with UCD and DCU and discussions have taken place with TCD. DIAS will work to forge links with other national and international research groups. In the current economic climate it is important to diversify sources of research funding and one of the measures taken during the year in pursuit of this was the establishment of the Friends of DIAS with a view to supplementing government funding with funds from philanthropic sources. I look forward to working with the foundation to support and promote the work of DIAS. Ensuring quality and excellence of research remains a key priority and arrangements are already being made for the next external review in 2014.

It was another year of productive research for each of the three Schools. The School of Cosmic Physics completed work on a number of key projects during the year. It was a great sense of achievement for researchers in the School, when the MIRI (Mid Infra Red Instrument) that they had been involved in developing for the new James Webb Telescope, was declared ready by ESA and NASA for delivery to NASA's Goddard Space Flight Center. The instrument is a pioneering camera and spectrometer, so sensitive it could see a candle on one of Jupiter's moons. Another School-led initiative involving the development of a shared e-infrastructure, under the e-INIS project, has significantly advanced both the capability and capacity of the ICT infrastructure available to Irish researchers and international collaborators. *The management of the e-INIS resource is now being managed by the Irish Centre for High End Computing.* The Geophysics section made significant progress with research exploring alternative sustainable energy sources, initiating fieldwork on the geothermal energy project IRETherm (www.iretherm.ie). A paper by the Head of the Section, A.G. Jones, on exciting new research looking at a new model for estimating water in the Earth's mantle was highlighted earlier in the year in the American Geophysical Union Journal "Geochemistry, Geophysics, Geosystems". The All-Ireland virtual graduate school, the Irish Geoscience Graduate Programme (www.igpp.ie), that is led by DIAS and with Jones as its Director, grew and expanded yet further during 2012 with now some 24 Short Course modules available, of which DIAS is providing 13.

Chairman of Council, Dr. Vincent Cunnane.

Cathaoirleach na Comhairle, An Dr. Vincent Cunnane.

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (DIAS) tiomanta don ard-bhuntaighde sa Físic agus sa Léann Ceilteach. Díríonn an obair seo ar eolas nua a chruthú, ardoiliúint agus scaipeadh an eolais seo chun tairbhe an phobail acadúil níos leithne. Déanann DIAS cion tairbhe suntasach d'fhorbairt na réimsí speisialta taighde atá á staidéar sna trí chomhscoil. Tugann an tuarascáil achomair seo cuntas ginearálta, do gach Scoil, ar na príomhfhorbairtí a tharla sa taighde le linn na bliana 2012. Is féidir eolas níos mionsonraithe ar ghníomhaíochtaí taighde na Scoileanna a fháil ina dTuarascálacha Taighde bliantúla faoi seach.

D'fhoilsigh DIAS Ráiteas Straitéise le linn na bliana a leagann amach príomhthosaíochtaí institiúide chomh maith le clár spreagúil de ghníomhaíochtaí taighde do gach ceann de na trí Scoil don tréimhse 2012-2016. B'fhóirsteanach an rud é go raibh an Ráiteas Straitéise á fhorbairt nuair a bhí plé ar bun ar leibhéal náisiúnta faoi athchumraíocht an chórais ardoideachais. Chuidigh rannpháirtíocht sa chomhrá straitéiseach faoi struchtúr nua ardoideachais linn na príomhthosaíochtaí a aithint do DIAS chun é féin a athstruchtú agus a atreoshú d'fhonn a chion tairbhe is fearr a dhéanamh don chóras taighde náisiúnta. Is é an príomhfhócas atá ann do DIAS ná leanúint de bheith ina phríomhfhórsa chun feabhais sa bhuntaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá DIAS nasctha go maith cheana féin ag an leibhéal idirnáisiúnta agus ní mór dó naisc a láidir ag an leibhéal náisiúnta le múnlai nua comhthaighde a fhorbairt. Tá comhaontuithe comhoibríthe sínithe ag DIAS cheana leis an gColáiste Ollscoile, BÁC agus le Ollscoil Chathair BhÁC agus bhí cainteanna ann le Coláiste na Tríonóide. Leanfaidh DIAS de naisc a chruthú le grúpaí taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta eile. Sa timpeallacht eacnamaíochta atá ann faoi láthair, tá sé tábhachtach foinsí éagsúla maoinithe a bheith ann agus ceann de na bearta a rinneadh le linn na bliana ab ea Cairde DIAS a bhunú d'fhonn cur le maoiniú an rialtais le cistí ó fhoinsí daonchairdiúla. Táim ag tnúth le hobair leis an bhfundúireacht chun tacaíocht agus bolscaireacht a dhéanamh d'obair DIAS. Príomhthosaíocht fós is ea cáilíocht agus feabhas an taighde a chinntiú agus tá socruithe á ndéanamh cheana don chéad athbhreithniú seachtach eile i 2014.

Bliain táirgiúil taighde eile a bhí ann do na Scoileanna uile. Chuir Scoil na Físice Cosmaí críoch le hobair i roinnt mórtograí le linn na bliana. Cúis mórtais a bhí ann do thaighdeoirí sa Scoil, nuair a dhearbhaigh ESA agus NASA go raibh an MIRI (*Mid Infra Red Instrument*), a raibh baint acu lena fhorbairt don Teileascóp nua James

Webb, réidh le soláthar do Lárionad Spáseilte Goddard NASA. Ceamara agus speictreaméadar ceannródaíoch is ea an uirlis, chomh mothálach sin go bhféadfadh sé coinneal a fheiceáil ar ghealach de chuid lúpatair. Maidir le tionscnamh eile faoi stiúir na Scoile, tá sé tar éis cur go mór le cumas agus inniúlacht an infreastructúir TFC atá ar fáil do thaighdeoirí na hÉireann agus do chomhoibríthe idirnáisiúnta. *Tá an acmhainn e-INIS anois á bainistiú ag Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil.* Rinne rannóg na Geofisice dul chun cinn suntasach le taighde ag fiosrú foinsí fuinnimh inmharthana malartacha, ag cur tús le hobair allamuigh ar an tionscadal fuinnimh geoiteirmeach IRETherm (www.iretherm.ie). Rinneadh suntas de pháipéar a scríobh Ceann na Rannóige, A.G. Jones, ar thaighde spreagúil nua ag féachaint ar mhúnla nua chun uisce a mheas i maintlín na Cruinne níos luaithe sa bhliain in iris an American Geophysical Union "Geochemistry, Geophysics, Geosystems". Maidir leis an scoil iarchéime fhóruil uile Éireann, Clár Iarchéime Geo-eolaíochta na hÉireann (www.igpp.ie), atá á stiúir ag DIAS agus le Jones mar stiúrthóir, tháinig fás agus borradh níos mó fós air i rith 2012 agus anois tá 24 modúl Gearrchúrsa ar fáil, 13 díobh á sholáthar ag DIAS.

Rinne taighdeoirí i Scoil na Físice Teoiriciúla dul chun cinn maith i gcur chun cinn na tuisceana ar an bhfísic ardfhuinnimh, múnlai mairtise agus teoiric na dteagrán. Bhí lucht freastail maith idirnáisiúnta i láthair ag roinnt ceardlann a tionóladh ag DIAS, ar thopaic a ndéantar staidéar orthu sa Scoil. Mar fhreagra ar bhuarthaí faoin tionchar diúltach a bheidh ag an gcomhpháirt laghdaithe calcalais i gclár matamaitice an dara leibhéil ar chaighdeán na scoláirí matamaitice amach anseo, chuir an tOllamh Dorlas sa Scoil tús le cúrsa calcalais speisialta do scoláirí mata ardleibhéil. Tá an cúrsa seo á thabhairt ag an Ollamh Dorlas ina chuid ama féin ag deirí seachtaine agus tá se le moladh as an dtionscnamh seo a dhéanamh.

Chuir digitiú Thionscadal Leabhar Lios Mór sa Léann Ceilteach go mór le bailiúchán lámhscríbhinní Irish Script on Screen. Bhí an Scoil in ann leanúint dá cuid oibre ar chlocha Ogham a dhigitiú, i gcomhair leis an gClár Fionnachtana, le maoiniú a fuarthas ón Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta. Mar thoradh ar an suíomh gréasáin nua Ogham atá beagnach críochnaithe, cuirfear an ghné tábhachtach seo d'ár gcultúr ar fáil do chách. Lean an Scoil de dhul chun cinn suntasach a dhéanamh ar a croichlár taighde le roinnt foilseachán nua réidh le cur i gcló.

Chairman's Statement (continued)

Researchers in the School of Theoretical Physics made good progress in advancing understanding of topics related to high energy physics, matrix models and string theory. A number of workshops on topics studied in the School, held at DIAS, attracted a good international attendance. In response to concerns about the negative impact that the reduced calculus component in the second level mathematics programme will have on the standards of future mathematics students, Professor Dorlas in the School initiated a special calculus course for higher level maths students. This course is being given by Professor Dorlas in his own time at weekends and he is to be commended for undertaking this initiative.

The digitisation of the Book of Lismore Project in Celtic Studies was an important addition to the Irish Script on Screen manuscript collection. The School has been able to continue its work on digitising Ogham stones, in collaboration with the Discovery Programme, with funding received from the Department of Arts, Culture & the Gaeltacht. The new Ogham website which is near completion will make this important part of our heritage accessible to all. The School continued to make significant progress on its core research programme with a number of new publications ready to go to press.

DIAS was delighted to host visits by a number of high profile international researchers during the year. Professor Tom Spencer from the Princeton Institute for Advanced Studies visited the School of Theoretical Physics in May. Professor Martin Rees (University of Cambridge) came in November and gave a very interesting public lecture on "Cosmic perspectives: from planets to the multiverse." The Director of the Commission CTBTO visited in September and also delivered a public lecture on "Global Science for the Benefit of Security and Humankind."

A number of new outreach initiatives took place during the year. Both the School of Cosmic Physics and the School of Celtic Studies participated in the Culture Night for the first time. In excess of 700 people came to Dunsink to look through the 12 inch Grubb telescope and listen to talks by DIAS astronomers. The Library in the School of Celtic Studies also received a large number of visitors who were given an opportunity to browse the School's specialised library collection as well as viewing a presentation on the Irish Script on Screen and Ogham projects. A new initiative developed by the School of Cosmic Physics, the Irish

Astronomy Trail, was launched by Minister Joan Burton, T.D. in Dunsink in November. This online portal which links every location around Ireland involved with astronomy, provides a resource both for cultural tourists who want to explore Ireland's rich astronomical heritage and for Irish residents with an interest in astronomy. The School of Cosmic Physics now hosts the Comprehensive Test Ban Treaty Organisation (CTBTO) National Data Centre (NDC). The NDC was officially opened in June by the Tánaiste and Minister for Foreign Affairs and Trade, Eamon Gilmore, T.D., and Dr Lassina Zerbo, Director of the International Data Division, CTBTO. Based at 5 Merrion Square, the centre assists in meeting Ireland's obligations under the Comprehensive Nuclear Test Ban Treaty (CTBT). It also provides international high level research and potential scientific exchange opportunities for Irish research personnel in the areas of seismology, radionuclides, infrasound and hydroacoustic monitoring.

I would like to take this opportunity to congratulate members of DIAS who were honoured with awards during the year. Professor Werner Nahm of the School of Theoretical Physics received the 2012 Gothenburg Lise Meitner prize. Professor Fergus Kelly from the School of Celtic Studies was awarded the Derek Allen Prize in Celtic Studies by the British Academy. Professor Felix Aharonian from the School of Cosmic Physics was elected Vice President of the new IAU Division D (High Energy and Fundamental Physics). Two scholars in the Geophysics section of the School of Cosmic also received awards – a paper J. Adam, and her supervisor S. Lebedev, won one of only three Student Awards for Best paper in the journal of the Royal Astronomical Society "Geophysical Journal International" for its interpretation of the cause of anisotropy in the rocks deep below South Africa; Andrew Shaeffer received the best student oral presentation at the 2012 Irish Geological Research Meeting meeting at University College Cork.

Dr Vincent Cunnane
Chairman of Council

Ráiteas an Chathaoirligh (ar leanúint)

Bhí áthas ar DIAS fáilte a chur roimh roinnt taighdeoirí clúiteacha idirnáisiúnta le linn na bliana. Thug an tOllamh Tom Spencer ó Princeton Institute for Advanced Studies cuairt ar Scoil na Fisice Teoiriciúla i mí Bealtaine. Tháinig an tOllamh Martin Rees (Ollscoil Cambridge) i mí na Samhna agus thug sé léacht phoiblí an-suimiúil ar *“Cosmic perspectives: from planets to the multiverse”*. Thug Stiúrthóir CTBTO an Choimisiúin cuairt i Meán Fómhair agus freisin thug léacht phoiblí ar *“Global Science for the Benefit of Security and Humankind.”*

Bhí roinnt tionscnamh for-rochtana nua ann le linn na bliana. Ghlac Scoil na Fisice Cosmaí agus Scoil an Léinn Cheiltigh araon páirt in Oíche an Chultúir don chéad uair. Tháinig breis agus 700 duine go Dún Sinche chun amharc tríd an teileascóp Grubb 12 orlach agus chun éisteacht le léachtaí ó réalteolaithe DIAS. Bhí líon mór cuairteoirí ann ar an Leabharlann i Scoil an Léinn Cheiltigh freisin, agus tugadh deis dóibh féachaint ar bhailiúchán leabharlainne speisialta na Scoile agus amharc ar láithriú faoi na tograí Irish Script on Screen agus Ogham. I nDún Sinche i mí na Samhna, sheol an tAire Joan Burton, T.D. tionscnamh nua a d’fhorbair Scoil na Fisice Cosmaí, Rian Réalteolaíochta na hÉireann. Nascann an tairseach ar líne seo gach suíomh ar fud na hÉireann a bhaineann leis an réalteolaíocht, agus cuireann sé acmhainn ar fáil do thurasóirí cultúrtha atá ag iarraidh oidhreacht shaibhir réalteolaíochta na hÉireann a fhiosrú agus do mhuintir na hÉireann a bhfuil suim acu sa réalteolaíocht. Tá Scoil na Fisice Cosmaí ina h-óstach anois don Lárionad Sonraí Náisiúnta Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha (CTBTO). Osclaíodh an LSN go hoifigiúil i mí an Mheithimh ag an Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Eamon Gilmore, T.D., agus an Dr Lassina Zerbo, Stiúrthóir an Rannáin Sonraí Idirnáisiúnta, CTBTO. Lonnaithe i 5 Cearnóg Mhuirfean, cuidíonn an lárionad le dualgais na hÉireann a chomhlíonadh maidir leis an gConradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT). Cuireann sé deiseanna ar fáil freisin do thaighde ardleibhéil idirnáisiúnta agus do mhalartú eolaíochta do lucht taighde na hÉireann i réimsí na seismeolaíochta, radanúiclídí, na hinfreachuime agus na monatóireachta hidrea-fhuaimíochta.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun comhghairdeas a dhéanamh le comhaltaí DIAS ar a bronnadh gradaim le linn na bliana. Fuair an tOllamh Werner Nahm ó Scoil na Fisice Teoiriciúla duais Gothenburg Lise Meitner 2012. Fuair an tOllamh Fergus Kelly ó Scoil an Léinn Cheiltigh Duais Derek Allen sa Léann Cheilteach ó Acadamh na Breataine. Toghadh an tOllamh Felix Aharonian ó Scoil na Fisice Cosmaí ina Leas-Uachtarán ar Roinn D nua IAU (Fisic Ardhuinnimh agus Bhunúsach). Bronnadh gradam ar bheirt scoláirí i rannóg na Geoifisice i Scoil na Fisice Cosmaí freisin – bhuaigh páipéar a scríobh J. Adam, agus a maoirseoir S. Lebedev, ceann as trí Ghradam Mac Léinn don Pháipéar is Fearr in iris an Chumainn Ríoga Réalteolaíochta *“Geophysical Journal International”* as an léirmhíniú ar an gcúis le hainiseatrópacht go domhain faoin Aifric Theas; fuair Andrew Shaeffer gradam as an láithriú mic léinn ó bhéil is fearr ag cruinniú Thaighde Geolaíochta na hÉireann 2012 sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh.

An Dr Vincent Cunnane
Cathaoirleach na Comhairle

School of Celtic Studies

OGHAM IN 3 D: RENEWAL OF PROJECT

A very positive development this year was the renewal of the Ogham in 3 D Project. In April the Director Prof. Pádraig Breatnach met the Minister of Arts, Heritage and the Gaeltacht, Jimmy Deenihan T.D., to discuss prospects for future funding of this project (begun in 2008). Their meeting was followed up by the establishment of a working group with representatives from the School of Celtic Studies and the National Monuments Service (NMS) of the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht. In August 2012 a submission was forwarded by the School of Celtic Studies to Brian Duffy, Chief Archaeologist, NMS, with proposals for a comprehensive programme of study by the School to include 3 D scanning and processing of Ogham stones in state care. Approval by the Department enabled the NMS to provide a grant in aid towards the project. In October the School of Celtic Studies relaunched the Ogham in 3 D Project and work commenced with the additional involvement of the Discovery Programme whose expertise in 3 D capture and modelling has greatly benefited the project to date. In addition to the scanning and modelling of 18 ogham stones located in various parts of the country (Kerry, Waterford, Kilkenny and Wicklow) completed in the current year, a new website is being created by Jean-François Bucas (IT Systems Administrator at DIAS) and Nora White (Principal Investigator on Ogham in 3 D Project, School of Celtic Studies) which is scheduled to be launched in Spring 2013 (see ogham.celt.dias.ie). The School will work closely with the NMS to ensure that the digital record produced is linked to the Department's Archaeological Survey of Ireland (ASI) records and can be



made available through the Department's website www.archaeology.ie. The development of the Ogham in 3D Project is overseen by an expert group which includes Prof. Fergus Kelly and Prof. Werner Nahm of DIAS; Finbarr Moore, Senior Archaeologist, NMS; and Prof. Damian McManus, Professor of Early Irish, TCD.

IRISH SCRIPT ON SCREEN

Book of Lismore

A reception was hosted by the School of Celtic Studies on 15 November to mark the digitization of the Book of Lismore. This digitization project followed the successful exhibition of the Book of Lismore at University College Cork in 2010. It is the product of a threefold collaboration between the Trustees of the Chatsworth Settlement Trust, owners of the manuscript; the Library at University College Cork; and the Irish Script on Screen (ISOS) project which hosts the digital images at www.isos.dias.ie by kind permission of the owners. The Director welcomed the representative of the owners of the manuscript, James Towe (Archivist Librarian at Chatsworth), John Fitzgerald, Librarian, Boole Library, UCC; Crónán Ó Doibhlin, Head of Special Collections, Archives and Repository Services at UCC Library, and Pádraig Ó Macháin, who saw through the digitization process as director of ISOS while a member of the School of Celtic Studies before taking up his appointment to UCC in August.

The Book of Lismore (formerly known as the Book of Máig Carthaigh Riabhach after its original owner who died in 1505) is a fifteenth-century vellum codex in Irish consisting of some 200 leaves. Its contents comprise a hugely important and varied collection of literary texts including medieval saints' lives; a copy of *Acallam na Senórach*; some apocrypha, along with later narratives that are adaptations and translations almost contemporary with the writing; and also many poems, all of which material has been newly described in a summary catalogue supplied by Professor Ó Macháin to accompany the digital images on the website.

An tOllamh Máire Herbert UCC a thug an Léacht Reachtúil 2012 le Cathaoirleach Scoil an Léinn Cheiltigh an tOllamh Anders Ahlqvist agus an tOllamh Máire Ní Annracháin UCD.

Professor Máire Herbert UCC who gave the 2012 Statutory Public Lecture with the Chairman of the School of Celtic Studies Professor Anders Ahlqvist and Professor Máire Ní Annracháin UCD.

Scoil an Léinn Cheiltigh

OGHAM-3D: ATHNUACHAN AN TIONSCNAIMH

Cor uchtúil a tharla i rith na bliana ab ea athnuachan an tionscnaimh Ogham-3D. I mí Aibreáin chas an Stiúrthóir, an tOllamh Pádraig Breatnach, leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan, T.D., chun plé a dhéanamh ar scéal maoinithe an tionscnaimh (a cuireadh ar bun an chéadúair 2008). Ag éirí as seo bunaíodh grúpa oibre le ballraíocht ó Scoil an Léinn Cheiltigh agus ón Seirbhís um Séadchomharthaí Náisiúnta (SSN) sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. I mí Lúnasa cuireadh aighneacht chuimsitheach ó Scoil an Léinn Cheiltigh ar aghaidh faoi bhráid Brian Duffy, Príomhsheandálaí, SSN, ag leagadh amach clár staidéir maraon le sceideal scanála 3D agus próiseála ag cuimsiú na gcloch Oghaim atá faoi chúram an Stáit. Mhol an Roinn leis an scéim agus faomhadh deontas cúntach ón SSN ar mhaithe léi. I mí Dheireadh Fómhair d'fhógair an Scoil an tionscnamh ar bun as an nua, agus chuaigh an Príomhfhiosraitheoir nua-cheapaithe Dr Nora White i mbun oibre i gcomhpháirtíocht le foireann ón Discovery Programme ar chabhraigh a dtaití ghairmiúil ar theicnící na scanála agus na múnlaithoireachta le hobair an tionscnaimh a chur chun cinn cheana. D'éirigh leis an tionscnamh scanáil mhúnlaith a chur i gcrích ar 18 de chlocha in áiteanna éagsúla ar fud Chiarraí, Port Láirge, Cill Choinnigh agus Cill Mhantáin roimh dheireadh mhí na Nollag. Ina theannta sin tá suíomh lín nua don tionscnamh á chruthú ag J-F Bucas (Riarthóir IT, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath) agus ag Nora White le chéile a bheidh sé i gceist a sheoladh go poiblí san Earrach 2013 (ogham.celt.dias.ie) agus tá cuireadh tugtha don Aire Deenihan aitheasc oscailte a thabhairt ar an ócáid. Mar chuid de dhlúthchomhoibriú idir an Scoil agus an SSN i mbun an tionscnaimh féachfaidh an Scoil chuige go ndéanfar an taifead digiteach do réir mar a sholáthrófar é a cheangal le taifead Shuirbhé Seandálaíochta na hÉireann (ASI) atá lonnaithe sa Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta i dtreo go mbeifear ábalta ar é a chur ar fáil trí shuíomh lín na Roinne (www.archaeology.ie). Tá forbairt an tionscnaimh Ogham-3D á stiúru ag Scoil an Léinn Cheiltigh i gcomhar le painéal comhairle saineolaíoch arb iad na baill an tOll. Fergus Kelly agus an tOll. Werner Nahm (DIAS); Finbarr Moore, Seandálaí Sinsearach, SSN; agus an tOllamh Damian McManus, Scoil na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide.

MEAMRAM PÁIPÉAR RÍOMHAIRE

Leabhar Leasa Móir

Ag fáiltiú i Scoil an Léinn Cheiltigh ar an 15 Samhain seoladh an leagan digitithe de Leabhar Leasa Móir ar líne. Cuireadh an tionscnamh seo i gcrích i ndiaidh d'úinéirí na lámhscríbhinne (lontaobhaithe an Chatsworth Settlement Trust) agus Leabharlann Boole, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, cuireadh a thabhairt do ISOS a bheith freagrach as digitiú a dhéanamh ar an lámhscríbhinn i Chatsworth House, Derbyshire, mar chuid de bheartas chun go gcuirfí ar taispeánt i nGailearaí Glucksman, UCC (lúil-Deireadh Fómhair 2011). D'fháiltigh an Stiúrthóir roimh James Towe (stiúrthóir cartlainne agus leabharlainne Chatsworth) a bhí i láthair mar ionadaí thar ceann na n-úinéirí; John Fitzgerald (Leabharlannaí, Leabharlann Boole, UCC); Crónán Ó Doibhlin (ceann na mbailiúchán speisialta, cartlanna agus seirbhísí buanchoimeáda, Leabharlann Boole, UCC); agus Pádraig Ó Macháin, a bhí i bhfeighil an phróiséis digitithe le linn dó bheith mar stiúrthóir ar ISOS agus é ina bhall de Scoil an Léinn Cheiltigh, roimh aistriú dhó go UCC mar Ollamh le Nua-Ghaeilge i mí Lúnasa.

Thrácht an Stiúrthóir an tOllamh Pádraig Breatnach ina aitheasc ar stair na lámhscríbhinne agus ar a thábhachtaí a bhí an comhoibriú sa chás áirithe seo idir Scoil an Léinn Cheiltigh, eastát an Duke of Devonshire, agus Leabharlann Boole, as ar tháinig an leagan digitithe den lámhscríbhinn ar an saol, agus ar an tairbhe do scoláirí a leanfaidh í a bheith ar fáil feasta ar shuíomh lín ISOS. Lámhscríbhinn meamraim ón 15ú haois í Leabhar Leasa Móir nó 'Leabhar Mhéig Carthaigh Riabhaigh' mar a bhíodh uirthi (ainmnithe ón té ar leis ar dtús í a fuair bás 1505), a bhfuil 200 éigin de dhuilleoga inti. Tháinig sí i seilbh shinsir an Duke of Devonshire i Lios Mór sa 17ú haois. Tá bailiúchán antábhachtach de théacsaí liteartha ó na Meánaoiseanna inti, ina measc beathaí naomh, cóip de *Acallam na Senórach*, scéalta apocrafúla, maraon le hinsintí agus aistriúcháin ar théacsaí eachtraíochta meánaoiseacha ó Mhórroinn na hEorpa, cuid acu a bheag nó a mhór comhairsireach le haois na lámhscríbhinne; agus tá mórchuid dánta inti. Tá cur síos catalóige achomair a réitigh Pádraig Ó Macháin i bhfoirm dhigiteach ag gabháil le híomhánna na lámhscríbhinne ar an suíomh.

Cartlann dhigiteach ISOS

Leanadh ar aghaidh i rith na bliana le sceideal digitithe ar lámhscríbhinní (LSS) ó chnuasaigh náisiúnta agus idirnáisiúnta mar leanas. Ar bhonn an chomhoibrith

ISOS digital archive

A busy schedule of work to expand the by now very substantial digital archive hosted by The School of Celtic Studies / ISOS was completed as follows. The digitization of a further dozen manuscripts mainly of the sixteenth century from the collection in the Royal Irish Academy was facilitated by RIA Librarian, Siobhán Fitzpatrick. Processed images complete with catalogue descriptions for five of these went live on the ISOS website. Included are three vellum manuscripts (Dinnsheanchas; Leabhar Gabhála), two medical manuscripts and an important vellum/paper collection of tales (Cat. nos. 1222, 1224, 754, 967, 443). The very fruitful collaboration between the ISOS and the National Library of Scotland was also continued. An additional 15 manuscripts from the NLS Gaelic collection were digitized and are now available on the ISOS website together with catalogue descriptions provided by kind permission of Ronald Black (and in one instance Pádraig Ó Macháin). Included in this latest tranche are three vellum manuscripts of the fifteenth/sixteenth century; one paper manuscript of the sixteenth, and six of the seventeenth century (important collections of bardic poetry among these); those remaining are of the eighteenth century and later. In all 57 manuscripts from the Scottish collection are now available through ISOS with accompanying catalogue descriptions.

The National Library of Ireland facilitated the digitization of a further sixteen Irish manuscripts (for processing in 2013); of these two are vellums (16th cent.), and the remainder are from the seventeenth century (paper). In all thirty-two manuscripts from the NLI collection have so far been digitized by ISOS.

Pursuant to active digitization agreements with the respective institutional owners, important material was added to the ISOS website also from University College Cork ('Cín Lae Í Mhealláin', paper 17th cent.); Marsh's Library ('Codex Kilkenniensis', vellum 15th cent.); Farmleigh House (IV E 6 comprising of Giraldus Cambrensis, *Topographia Hibernica*, vellum, 13th cent., and Edward Campion, 'A History of Ireland'); and St Patrick's College, Dublin 9 (LS III, 'O hÉineacháin Miscellany').

The ISOS project continued under the direction of Pádraig Ó Macháin until his appointment to UCC from 1 August. Prof. Pádraig Breatnach took over in an acting capacity pending the appointment of a successor. Discussions have taken place with the Keeper of Manuscripts, Trinity College

Dublin, with a view to undertaking further digitization of the Library's Irish-language holdings for inclusion on the ISOS website, and with Marsh's Library with a view to initiating a programme of manuscript digitization in cooperation with ISOS (to begin 2013). Talks also took place towards an agreement with King's Inns library on a possible schedule for digitization by ISOS of their Irish manuscript collection.

RESEARCH

Work on the edition of the Old Irish law tract *Córus Bésgnai*, as well as on a Grammar of Middle Irish, was continued by Liam Breatnach. He also researched material for papers given on a Middle Irish poem on metres (*Sluindfet dúib dagaisti in dána*) (UCD/DIAS, April); forms of payment in the early Irish law tracts (UCD, July); cattle and other forms of payment (Oxford, October); the church in early Irish law (UCD); linguistic aspects of Lebor na hUidre (Royal Irish Academy, November). He was editor (with D. Mc Manus) of *Ériu* vol. 62.

A study of the palaeography of manuscripts written by Br Míchél Ó Cléirigh was completed by Pádraig Breatnach. This involved a comparative analysis of writing styles exemplified in approximately 20 manuscripts. He revised and corrected chapters of his book *The Four Masters and their manuscripts* (to appear 2013). He researched material for papers given on the manuscript tradition of the Irish Grammatical Tracts (UCD/DIAS conference, April), and on the influence of the medieval *ars dictaminis* on the development of bardic poetry (Harvard University, October). The text of a lecture on the development of Irish handwriting in the seventeenth century (XIVth International Congress of Celtic Studies, 2011) was prepared for publication. His edition-in-progress of bardic poems addressed to Aodh Ó Néill (1598) and Aodh Ruadh Ó Domhnaill (1600) by Dubhthach Óg Ó Duibhgeannáin was advanced. He also worked on the Catalogue of Irish Manuscripts in Brussels (in progress). He made study visits to the Bibliothèque Nationale, Paris, and the Bibliothèque Royale de Belgique, Brussels (July). Conference attendance included 'Le *dictamen* dans tous ses états: perspectives de recherche sur la théorie et la pratique de l'*ars dictaminis* (XIe-XVe siècles)' Paris, IRHT (June) and the Harvard Celtic Colloquium (October). He continued as editor (with Fergus Kelly) of *Celtica*.

Work on the edition of an Early Modern Irish legal treatise attributed to the Connacht jurist Giolla na Naomh Mac Aodhagáin who died in 1309 (Binch, *Corpus Iuris Hibernici* ii 691.1-699.4) was continued by Fergus Kelly.

Scoil an Léinn Cheiltigh (ar leanúint)

leanúnaigh atá ar siúl idir ISOS agus Acadamh Ríoga na hÉireann (Leabharlannaí Siobhán Fitzpatrick), dob fhéidir íomhánna a sholáthar de dhosaen eile lámhscríbhinní ó chnuasaigh an Acadaimh, a bhformhór acu ón 16ú haois. Próiseáladh na híomhánna de chúig cinn díobh sin i rith na bliana agus cuireadh in airde beo ar an suíomh lín iad, trí cinn de mheamraim san áireamh (Dinnsheanchas, Leabhar Gabhála, téacsai leighis), maraon le LS meamraim/páipéir ina bhfuil cnuasach scéalta tábhachtach (uimh. catalóige 1222, 1224, 754, 967, 443).

Leanadh ar aghaidh i mbliana leis an scéim chomhoibríthe atá ar bun idir ISOS agus Leabharlann Náisiúnta na hAlban. Deineadh digitiú ar 15 de LSS breise agus cuireadh na híomhánna in airde ar shuíomh ISOS i dteannta le cur síos catalóige le caoinchead an údair Ronald Black (Pádraig Ó Macháin a sholáthair an cur síos i gcás amháin). Ar an gcuid is déanaí seo tá trí LS meamraim ón 15/16ú haois; LS páipéir amháin ón 16ú haois; agus leathdosaen de LSS ón 17ú haois (ina measc roinnt cnuasach tábhachtach d'fhilíocht na scol); baineann na cinn eile leis an 18ú haois agus níos déanaí. 57 LS ar fad ón mbaillíochán Albanach atá ar fáil trí ISOS agus cuntaisí catalóige leo faoin dtráth seo.

Cheadaigh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann digitiú a dhéanamh ar 16 de LSS breise i mbliana (a dhéanfar a phróiseáil 2013), ina measc 2 LS meamraim ón 16ú haois, agus an chuid eile ón 17ú haois (páipéar). Fágfaidh seo go mbeidh 32 de LSS Gaeilge san iomlán ó chnuasach na Leabharlainne Náisiúnta ar fáil ar shuíomh ISOS faoi 2013.

De bharr comhaontuithe idir ISOS agus na hinstitiúidí ar leithligh cuireadh íomhánna digitithe maraon le cúntaisí catalóige de LSS mar leanas in airde ar shuíomh lín ISOS: UCC ('Cín Lae Í Mhealláin', LS páipéir, 17ú haois); Leabharlann Marsh ('Codex Kilkenniensis', meamram 15ú haois); Teach Farmleigh (LS IV E 6: Cambrensis *Topographia Hibernica*, meam. 13ú haois); E. Campion, 'A History of Ireland', páip. 17ú haois); agus Coláiste Phádraig, Baile Átha Cliath 9 ('Lámhscríbhinn Uí Éineacháin').

Lean Pádraig Ó Macháin i mbun ISOS mar stiúrthóir go dtí deireadh mí Iúil nuair a d'éirigh sé as bheith ina bhall de Scoil an Léinn Cheiltigh. An tOll. Pádraig Breatnach a chuaigh mar stiúrthóir gníomhach i mbun an tionscnaimh ón 1 Lúnasa nó go gceapfar ball ionaid sa bhfolúntas. Bhí comhráite aige le Coimeádaí na Lámhscríbhinní i gColáiste na Tríonóide ar mhaithe le socruithe a dhéanamh chun leanúint ar aghaidh leis an scéim digitithe a bhí ar bun leis an gColáiste roimhe seo ó tá digitiú an chnuasaigh LSS leighis i gcrích (maraon

leis an gclár LSS atá curtha leo i riocht digiteach ag Scoil an Léinn Cheiltigh). Tá socruithe á mbeartú le Leabharlann Marsh chun an cnuasach de LSS Gaeilge a dhigitiú ar ISOS go luath. Tharla cainteanna le Leabharlannaí King's Inns maidir le scéim dhigitithe a bhunú (2013) a chuirseodh cnuasach na LSS Gaeilge atá i seilbh na leabharlainne sin.

TAIGHDE

Lean obair na heagarthóireachta ar an dtráchtas dlí Sean-Ghaeilge *Córus Bésghnai* agus ar Ghraiméar na Meán-Ghaeilge atá ar siúl ag Liam Breatnach. Bhí sé i mbun taighde do pháipéir a thug uaidh faoi seach ar dhán Meán-Ghaeilge ar mheadrachaí (*Sluindfet dúib dagaisti in dána*) (UCD/DIAS, Aibreán); modhanna íocaíochta i dtráchtas dlí na Luath-Ghaeilge (UCD, Iúil); eallach agus modhanna íocaíochta eile (Oxford, Deireadh Fómhair); an eaglais i seandlithe na hÉireann (UCD); gnéithe teanga i Lebor na hUidre (Acadamh Ríoga na hÉireann, Samhain). Bhí sé ina eagarthóir (i gcomhar le D. McManus) ar *Ériu* iml. 62.

Tugadh chun críche staidéar ar phailéagrafaíocht shaothar an Br Míchél Ó Cléirigh le Pádraig Breatnach. Comparáid anailíseach idir stíleanna peannaireachta i dtuairim is 20 LS leis an scríobhaí mórainmneach atá anseo agus iad suite ina gcomhthéacs ó thaobh stair na peannaireachta Gaeilge i gcoitinne. Chóirigh agus cheartaigh sé caibidlí dá leabhar *The Four Masters and their manuscripts* (le foilsíú 2013). D'oibrigh sé faoi seach ar thaighde do pháipéir ar thraidisiún lámhscríofa na dTráchtas Gramadaí (UCD/DIAS Aibreán) agus ar an anáil is féidir a aithint ón *ars dictaminis* meánaoiseach ag dul i bhfeidhm ar chéadtosach fhilíocht na scol (Ollscoil Harvard, Deireadh Fómhair). Réitigh sé don gcló léacht ar fhorbairt pheannaireacht na Gaeilge sa 17ú haois le haghaidh imeachtaí an XIV Comhdháil Idirnáisiúnta don Léann Ceilteach. Lean sé ar aghaidh le hobair dá shaothar eagarthóireachta ar dhánta a chum Dubhthach Óg Ó Duibhgeannáin d'Aodh Ó Néill (1598) agus d'Aodh Ruadh Ó Domhnaill (1600), agus ar Chlár Lámhscríbhinní na Bruiséile (ar siúl). Chuaigh ar cuairteanna staidéir chun an Bibliothèque Nationale, Páras, agus an Bibliothèque royale de Belgique (mí Iúil). D'fhreastail sé ar chomhdhála san IRHT, Páras ('Le *dictamen* dans tous ses états : perspectives de recherche sur la théorie et la pratique de l'*ars dictaminis* (Xle-Xve siècles', Iúil), agus in Ollscoil Harvard (Harvard Celtic Colloquium, Deireadh Fómhair). Lean sé air ag obair mar eagarthóir ar *Celtica* (le F. Kelly).

Bhí taighde ar bun ar eagrán de thráchtas dlí ón Nua-Ghaeilge Mhoch atá leagtha ar Ghiolla na Naomh Mac

He completed his edition of an Old Irish text on legal disputes within marriage (Binchy, *Corpus Iuris Hibernici* i 144.5-150.16), which will be submitted for publication in 2013. He researched material for papers given on evidence for consensus in Irish law texts (7th-9th cent.) (Reichenau, Germany, March); bee-keeping in ancient Ireland (Dublin, April); Myles Dillon, scholar, organizer, innovator (ITS/UCC, November); women and marriage in early Irish law (October). He continued as editor (with Pádraig Breatnach) of *Celtica*.

Research on the catalogue of Irish medical manuscripts, dating from the fifteenth and sixteenth centuries, in Trinity College Dublin, was continued by Aoibheann Nic Dhonnchadha. Physical descriptions of the collection have been compiled under the following headings: date, material, dimensions, foliation, binding, library markings. Major and minor scribal hands have been distinguished, as have the number and order of quires, and chasms that have arisen from missing or defective quires. The contents of each manuscript are catalogued, and details for each individual text are given (title, incipit, extent of text, explicit, source). Copies catalogued have been compared with other extant copies to ascertain the degree of completion in each case. Data compiled in previous years under these headings was revised and corrected. Particular research was concentrated on the three most extensive volumes in the collection (MSS 1315, 1435 and 1436), consisting of medical miscellanies with upwards of 800 pages of text in total and containing several unique treatises, for some of which Latin sources were identified during 2012. Other work included revisions made to incorporate recent research findings in a detailed description of a 16th- or 17th-century medical manuscript submitted for publication in *Celtica* in 2011 ('Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Lámhscríbhinn Bhreise 175'). Three plague treatises in this manuscript are of particular interest to scholars, and Latin sources for two of these have now been identified. Research was also undertaken for a paper outlining the chronology and extent of the collection of notebooks written by Mícheál Ó Síothcháin (1870-1945) that is held by Coláiste na Rinne (Waterford IT, April). (The School of Celtic Studies publications, M. Sheehan, *Sean-chaint na nDéise* (1944) and R. B. Breatnach, *Seana-chaint na nDéise* II (1961), are based on these notebooks, and the research embraces documents in the DIAS Archive that shed light on the history of the 1944 publication.)

Research notes were prepared by Brian Ó Curnáin on phonetics, phonology, morphology, syntax and vocabulary for his monograph on the Irish of East Galway (in progress). He transcribed and edited some Irish speech-recordings from Aran, East Galway, Ulster and Munster for the School project GLÓR. He prepared an expert's report for the School publications committee on a dialect study. He edited (with Ciarán Lenoach and Conchúr Ó Giollaigáin) *An chonair chaoch: an mionteangachas sa dátheangachas* (Leabhar Breac 2012). He completed the paper '153 Irish *Gaeilge*' for inclusion in a forthcoming volume on word formation. He researched material on traditional and post-traditional discourse-markers for a conference paper (NUI Galway, October).

Research on bardic poetry was continued by Pádraig Ó Macháin. He prepared an article for publication in *Celtica* with editions of three previously unpublished sixteenth-century poems, including a detailed account of the *duanaire* of Domhnall Mac Suibhne which forms part of the important sixteenth-century manuscript known as *Leabhar Chlainne Suibhne*. He researched material for papers given on 'An Canónach Pádraig de Paor agus an Ghaeilge' (Waterford IT, March); a previously unpublished collection of bardic poetry composed at the end of the thirteenth century (UCD/DIAS, April); and the Irish language and politics in the literature of the Decies (Waterford IT, June). He directed the Irish Script on Screen project until July.

A study of the use of the vocative case with the personal name in Irish poetry for publication (2013) was completed by Michelle O Riordan. The work examines the calibration of the modes of lyric address in the poetry culminating in formal poetry in the use of the personal name. The nuances of universality and particularity indicated by the use of the personal name are discussed in respect of political balladry, especially that with presumed allegorical references to Ireland. She continued research for a book-length study of Irish identities in Irish political poetry of the 17th century. She researched materials for a paper on a feature of elaboration in Irish bardic poetry (submission for *Celtica*), and a paper on 'Meon na nGael sna Meánaoiseanna' (St Patrick's College Dublin, October).

Scoil an Léinn Cheiltigh (ar leanúint)

Aodhagáin a fuair bás 1309 (Binchy, *Corpus Iuris Hibernici* ii 691.1-699.4) ag Fergus Kelly. Chríochnaigh sé a eagrán de théacs Sean-Ghaeilge a thráchtann ar aimhréiteachtaí sa phósadh (Binchy, *Corpus Iuris Hibernici* i 144.5-150.16), a fhoilseofar i 2013. Shaothraigh sé taighde ar pháipéir a thug sé uaidh faoi seach ar ghnéithe den chomhaontú i dtéacsáí dlí na Gaeilge (7ú-8ú haois) (Insel Reichenau, Márta); an bheachaireacht in Éirinn sa tseanré (Baile Átha Cliath, Aibreán); 'Myles Dillon, scholar, organizer, innovator' (Cumann na Sgríbeheann Gaeilge/UCC); agus ar na mná agus an pósadh i seandlí na hÉireann (Deireadh Fómhair). Lean sé air ag obair mar eagarthóir ar *Celtica* (le P. Breatnach).

Leanadh ar aghaidh leis an obair chláráithe ar lámhscríbhinní leighis i gColáiste na Tríonóide atá ar siúl ag Aoibheann Nic Dhonnchadha. Lámhscríbhinní ón 15ú/16ú haois iad seo agus is iad na príomhghnéithe den chur síos orthu atá á réiteach (i) comhdhéanamh fisiciúil agus (ii) bunábhar. Faoi (i) áirítear dáta, toisí, staidiúir na mbilleog, ceangal, agus marcanna leabharlainne. Sonraítear lámha na scríobhaithe uile, agus eagrú na gcomhchoda agus na mbearnaí más ann dóibh. Faoi (ii) sonraítear clár ábhair gach lámhscríbhinne agus na dtéacsáí aonair (teideal, túsfhocail, fad, críoch, foinsí). Bíonn comparáidí san áireamh le cóipeanna eile d'fhonn a shocrú cé chomh iomlán agus a bhíonn na téacsáí i ngach cás faoi seach. Chuathas siar i rith na bliana ar data a cláraíodh cheana agus deineadh breis a chur leo agus iad a cheartú mar ba riachtanach. In obair eile cuireadh leasuithe i bhfeidhm ar chur síos ar lámhscríbhinn leighis ón 16ú/17ú haois atá le foilsiú in *Celtica* sa mhéid gur aimsíodh foinsí



Laidne le haghaidh dhá théacs as trí cinn ar an bpláigh ('Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, LS Bhreise 175'). Chuathas i mbun taighde ar bhailiúchán de leabhair nótaí a scríobh Mícheál Ó Síothcháin (1870-1945) atá i seilbh Choláiste na Rinne agus a bhfuil an dá fhoilseachán *Sean-chaint na nDéise* (1944) agus *Seana-chaint na nDéise II* (1961) a d'fhoilsigh Scoil an Léinn Cheiltigh bunaithe, le haghaidh léachta (IT, Port Láirge, Aibreán).

Bhí nótaí taighde á réiteach ar fhoghraíocht, fhóneolaíocht, dheilbhíocht, chomhréir agus stór focal ar mhaithe lena mhonagraf ar Ghaeilge Achréidh na Gaillimhe ag Brian Ó Curnáin (le teacht). Réitigh sé trascriobh agus eagarthóireacht ar thaifid Ghaeilge ó Árainn, Achréidh na Gaillimhe, agus ó Chúige Uladh agus Cúige Mumhan don tionscnamh GLÓR. D'ullmhaigh tuairisc shaineolaíoch do choiste na bhfoilseachán ar shaothar canúneolaíochta atá faoi bhráid na scoile. Chríochnaigh páipéar '153 Irish/Gaeilge' a fhoilseofar i leabhar *Word-formation: an international handbook of the languages of Europe* (eag. Peter O. Müller et al.). Bhí páirt mar údar agus mar eagarthóir (le C. Lenoach, Conchúr Ó Giollaigáin) aige i mbun an leabhair *An chonair chaoch: an mionteangachas sa dátheangachas* (Leabhar Breac, Márta 2012).

Mar chuid den taighde atá ar siúl ar fhilíocht na scol aige réitigh Pádraig Ó Macháin alt do *Celtica* ina bhfuil eagar curtha ar thrí cinn de dhánta neamhfhoilsithe ón 16ú haois le Fearghal Óg Mac an Bhaird maraon le cur síos ar dhuanaire Dhomhnaill Mhic Shuibhne atá mar chomhchuid de LS thábhachtach ón 16ú haois ar a dtugtar *Leabhar Chlainne Suibhne*. Dhein sé taighde le haghaidh páipéar a thug sé uaidh faoi seach ar na hábhair seo: 'An Canónach Pádraig de Paor agus an Ghaeilge' (IT, Port Láirge, Márta); bailiúchán nua-aimsithe de dhánta a cumadh i ndeireadh an 13ú haois (UCD/DIAS, Aibreán); an Ghaeilge agus an pholaitíocht i litríocht na nDéise (IT, Port Láirge, Meitheamh). Bhí sé mar stiúrthóir agus ag gabháil do thaighde ar son an tionscnaimh ISOS suas go dtí mí Iúil.

Ó chlár: An tOll. Pádraig Breatnach (Stiúrthóir Scoil an Léinn Cheiltigh), An tOll. Pádraig Ó Macháin, Crónán Ó Doibhlin (Leabharlann Boole, UCC), John Fitzgerald (Leabharlannaí, UCC), ag seoladh Leabhar Leasa Móir ar ISOS.

Left to right: Prof. Pádraig Breatnach (Director of the School of Celtic Studies), Prof. Pádraig Ó Macháin, Crónán Ó Doibhlin (Boole Library, UCC), John Fitzgerald (Librarian, UCC), at the launch of the Book of Lismore on ISOS.

